

Éilimh Dhéanacha ar Shochar Breoiteachta

Iarratais dhéanacha ar Shochar Breoiteachta

Ní mór éilimh ar **Shochar Breoiteachta** a dhéanamh laistigh de **7 lá** ó thús do bhreoiteachta nó d'éagumas.

Más mian leat Sochar Breoiteachta a éileamh lasmuigh den teorainn ama seo, féadfar d'íocaíocht a shiardhátú má tá **cúis mhaith** agat leis an moill. Ní féidir, áfach, d'íocaíocht a shiardhátú thar **6 mhí**, ach amháin in dhá chúinse eisceachtúla. Is iad na cúinsí seo ná:

Cás 1

Ní dharna tú iarratas mar gheall ar eolas a chuir foireann na Roinne Coimirce Sóisialaí ar fáil duit nó do dhuine a bhí ag gníomhú ar do shon.

An rud is gá duit a dhéanamh

Ní mór duit sonraí cruinne iomlána a thabhairt den eolas a fuair tú, lena n-áirítear ainm an oifigigh a thug an t-eolas (más eol duit é), an oifig inar tugadh an t-eolas agus an dáta ar tugadh an t-eolas.

Cás 2

Ní dharna tú éileamh in am mar bhí tú chomh breoite sin nárbh fhéidir leat iarratas a dhéanamh ná iarraidh ar dhuine eile iarratas a dhéanamh ar do shon.

An rud is gá duit a dhéanamh

Ní mór duit sainfhianaise mhíochaine a thabhairt ó do dhochtúir a léireoidh cén fáth ar choisic an bhreoiteacht nó an t'éagumas thú ar iarratas a dhéanamh as do stuaim féin nó ar dhuine a cheapadh chun iarratas a dhéanamh ar do shon.

Má mheasann tú go mbaineann ceachtar den dá chás seo leat, scríobh chugainn maille le fianaise chun tacú le d'iarratas.

Ní foláir an fhianaise mhíochaine seo a leanas a bheith i dteannta na n-iarratas déanach go léir:

- **An Chéad Teastas (MC 1)** ina luaitear an dáta ar thosaigh do bhreoiteacht.
- **Litir ó do dhochtúir** ina ndeimhnítear go bhfreastalaíonn tú go tráthrialta. Ba chóir go dtabharfadh an litir sonraí de dháta agus de mhinicíocht na gcuariteanna agus den chúis nár eisíodh teastais i dtráth na gcuariteanna. Ba chóir freisin go luafaí sa litir cibé acu a bhí nó nach raibh tú breoite agus éagumasach chun oibre ó thosaigh an bhreoiteacht. Má d'fhreastail tú ar an ospidéal mar othar seachtrach, ba chóir dátaí an fhreastail sin a lua. Dá mba othar cónaitheach thú, ba chóir dátaí na hiontrála agus an scaoilte abhaile a lua.
- **Teastas reatha (MC 2).**

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Is féidir a thuilleadh eolais ar Shochar Breoiteachta a fháil ar **www.welfare.ie** agus trí úsáid a bhaint as an **bhfoirm shlán um fhiosrú ar líne** nó trí ghlaoch ar:

Guthán: **(01) 704 3300**

Íosghlao: **1890 928 400**

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar **+353 1 704 3300**, le do thoil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao)

Is mar threoir amháin atá an bhleog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá inti.

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: **(071) 919 3302**
Íosghlao: **1890 66 22 44**
Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar **+ 353 71 91 93302**, le do thoil.
- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.